Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14115/19**

**FISC 445**
**ECOFIN 1006**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)<br>– Conclúidí ón gComhairle<br>= Glacadh |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 14 Samhain 2019, chomhaontaigh an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) tuarascáil ar dhul chun cinn (14114/19 + ADD 1-10) agus na dréachtchonclúidí a ghabhann leis an tuarascáil sin maidir le *'the progress achieved by the Code of Conduct (Business Taxation) Group during the Finnish Presidency'* ['an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na Fionlainne'], seachas mír 10 de na dréachtchonclúidí sin, a chur faoi bhráid na Comhairle.

2. Tháinig an Mheitheal Ardleibhéil maidir le saincheisteanna cánach ar chomhaontú maidir leis an bhfoclaíocht deiridh don mhír thuasluaite de na dréachtchonclúidí ag an gcruinniú a bhí aici ar an 22 Samhain 2019. Mar thoradh air sin, leagtar amach an dréacht críochnaitheach de na conclúidí thíos:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann an Comhairle an méid seo a leanas:

1. Cuireann sí in iúl GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Fionlainne mar a leagtar amach sa tuarascáil uaithi (14114/19 + ADD 1-10);

2. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint dá hobair i gcomhréir lena pacáiste oibre ilbhliantúil 2018 (10420/18);

3. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta arna gcomhaontú ag an Meitheal agus IARRANN sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar;

4. FORMHUINÍONN SÍ an treoir maidir le córais asbhainte úis bharúlaigh a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann le tuarascáil na Meithle agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit ar mian leo córas den chineál sin a chur chun feidhme an treoir a leanúint;

5. FORMHUINÍONN SÍ an measúnú ar chomhlíonadh Threoir COCG 2013 maidir le cuideachtaí idirmheánacha (maoiniú, ceadúnú) ag na Ballstáit, agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme a nótaí treorach a thug sí roimhe seo;

6. I dtaca le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, FORMHUINÍONN SÍ an dóigh ar réitigh an Mheitheal na saincheisteanna nós imeachta agus polaitiúla a tháinig chun cinn sa phróiseas faireacháin ar chur chun feidhme na ngealltanas a thug dlínsí;

7. IARRANN SÍ ar an Meitheal tús a chur leis an measúnú ar na córais nua-aitheanta maidir le díolúintí ioncaim ó fhoinse eachtrach a liostaítear sa tuarascáil uaithi;

8. IARRANN SÍ ar an Meitheal dul i mbun plé an athuair agus comhaontú a lorg maidir le critéar 1.4 a bheidh ann amach anseo (malartú faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil);

9. FORMHUINÍONN SÍ an cur chuige gníomhaíochtbhunaithe a chomhaontaigh an Mheitheal i ndáil leis na ceanglais do chomhpháirtíochtaí faoi chritéar 2.2 a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann le tuarascáil na Meithle agus an cur chuige comhchoiteann chun malartú faisnéise le dlínsí faoin gcritéar céanna a ghníomhachtú;

10. FORMHUINÍONN SÍ an Treoir maidir le bearta cosanta a chomhordú a thuilleadh i réimse na cánach a leagtar amach in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le tuarascáil na Meithle agus IARRANN SÍ ar an Meitheal measúnú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme ag an gcéad chéim. Mar dhara céim, IARRANN SÍ ar an Meitheal measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí agus a chomhleanúnaí atá cur chun feidhme na mbeart cosanta a chuirtear ar fáil leis an Treoir agus tuarascáil rialta a chur faoi bhráid na Comhairle. Ba cheart an measúnú ar éifeachtacht a dhéanamh trí athrú dearfach a thomhas a mbeadh sé mar thoradh air go mbainfí dlínsí ó liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach;

11. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Cróite."

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an tuarascáil ón Meitheal um an gCód Iompair (14114/19 FISC 444 ECOFIN 1005 + ADD 1-10) a chur chuig an gComhairle i dteannta na gconclúidí mar a leagtar amach thuas;

– a mholadh don Chomhairle an tuarascáil a fhormhuiniú agus na conclúidí a ghlacadh mar mhíreanna "A" ar a clár oibre.